Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/1174

12.6.2025

**CINNEADH (AE) 2025/1174 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 4 Meitheamh 2025**

**lena n-aithnítear tionscadail áirithe amhábhar criticiúil atá lonnaithe i dtríú tíortha agus i dtíortha nó i gcríocha thar lear mar Thionscadail Straitéiseacha faoi Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 3491)*

**(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(9) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Rialachán (AE) 2024/1252 agus d'fhonn soláthar amhábhar criticiúil an Aontais a áirithiú, tá an Coimisiún le tionscadail a shainaithint maidir le heastóscadh, próiseáil, athchúrsáil nó ionadú amhábhar straitéiseach, agus é d'aidhm aige tionscadail den sórt sin a aithint mar Thionscadail Straitéiseacha faoin gcreat a leagtar síos in Airteagal 7 den Rialachán sin.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 7(3) de Rialachán (AE) 2024/1252, an 23 Bealtaine 2024, sheol an Coimisiún glao chun iarratas a dhéanamh ar thionscadal amhábhar criticiúil a aithint mar Thionscadal Straitéiseach ([2]), agus an 22 Lúnasa 2024 an scoithdháta a bhí leis sin.

(3) Tar éis do na hiarratasóirí na hiarratais a chur isteach, thug an Coimisiún fógra dóibh an 20 Meán Fómhair 2024 faoi cé acu a measadh nó nár measadh go raibh an fhaisnéis a soláthraíodh comhlánaithe i gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2024/1252. I gcás inar measadh go raibh iarratas neamh-chomhlánaithe, d'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir faisnéis bhreise a chur isteach a raibh gá léi chun an t-iarratas a chomhlánú, laistigh de sprioc-am gearr.

(4) Tráth an scoithdháta an 22 Lúnasa 2024, bhí 46 iarratas curtha isteach ó thionscadail bheartaithe atá lonnaithe i dtríú tír nó i dtír nó críoch thar lear (TCTL), agus mheas an Coimisiún go raibh 44 díobh sin comhlánaithe i gcomhréir le hAirteagal 7(1) agus (4) de Rialachán (AE) 2024/1252.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 7(5) de Rialachán (AE) 2024/1252, an Bord Eorpach um Amhábhair Chriticiúla (an Bord) a bunaíodh le hAirteagal 35(1) den Rialachán sin, chuir an Coimisiún ar an eolas é faoi na hiarratais a mheas sé a bheith comhlánaithe.

(6) Tar éis na seiceála comhláine sin, tharchuir an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 7(8), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2024/1252, na hiarratais chuig tríú tíortha agus chuig TCTLanna a mbaineann a gcríoch leis an tionscadal atá beartaithe.

(7) Rinne an Coimisiún measúnú ar na hiarratais sin i gcomhréir leis na critéir a shonraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1252, le tacaíocht ó shaineolaithe seachtracha, saineolaithe a bhfuil saineolas acu ar na gnéithe teicniúla, airgeadais, comhshaoil, sóisialta agus rialachais de thionscadal, agus sa Chreat um Aicmiú na Náisiún Aontaithe le haghaidh Acmhainní ([3]). Rinne an Coimisiún measúnú ar iarratais ar léir nár chomhlíon siad na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1252 gan tacaíocht ó na saineolaithe seachtracha sin. Bhí tuairim chomhdhlúthaithe na saineolaithe seachtracha mar bhonn leis an gCinneadh seo.

([1]) IO L, 2024/1252, 3.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1252/oj.
([2]) Glao ar iarratais: Tionscadail Straitéiseacha faoin nGníomh um Amhábhair Chriticiúla - an Coimisiún Eorpach.
([3]) *Creat um Aicmiú na Náisiún Aontaithe le haghaidh Acmhainní | CEE-NA.*

(8) Go háirithe, rinne an Coimisiún measúnú ar na hiarratais sin i bhfianaise a mhéid a rannchuidíonn siad le slándáil sholáthar amhábhair straitéiseacha an Aontais, indéantacht theicniúil, cur chun feidhme inbhuanaithe, agus cibé a théann nó nach dtéann siad chun tairbhe don Aontas agus don mhargadh atá ag teacht chun cinn lena mbaineann nó don tríú tír a bhfuil geilleagar i mbéal forbartha acu lena mbaineann trí bhreisluach a chur leo, agus liostaigh sé san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na tionscadail a chomhlíonann na critéir uile dá bhforáiltear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1252. Dá bhrí sin, ba cheart na tionscadail sin a aithint mar Thionscadail Straitéiseacha faoin Rialachán sin.

(9) Chuir an Coimisiún a mheasúnú faoi bhráid an Bhoird i gcomhréir le hAirteagal 7(6), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2024/1252.

(10) Fuair gach tionscadal beartaithe a aithnítear mar Thionscadal Straitéiseach formheas sainráite an tríú tír nó an TCTL lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 7(8), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2024/1252.

(11) Na hiarratasóirí uile ar aithint tionscadail mar Thionscadal Straitéiseach, ba cheart don Choimisiún fógra a thabhairt dóibh faoi ghlacadh an Chinnidh seo. Go sonrach, ba cheart don Choimisiún fógra a thabhairt do na hiarratasóirí uile faoi thoradh a mheasúnaithe agus faoin réasúnaíocht a bhaineann leis i gcomhréir le cosaint rún trádála agus gnó agus le cosaint faisnéise íogaire rúnda rúnaicmithe eile, dá bhforáiltear in Airteagal 46 de Rialachán (AE) 2024/1252.

(12) Ba cheart don Choimisiún an Cinneadh seo a chur faoi bhráid an Bhoird agus faoi bhráid an tríú tír nó an TCTL a mbaineann a chríoch/a críoch leis an tionscadal/na tionscadail, i gcomhréir le hAirteagal 7(9), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2024/1252.

(13) Tá an Cinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Bhoird,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Aithnítear na tionscadail a liostaítear san Iarscríbhinn mar Thionscadail Straitéiseacha.

*Airteagal 2*

Is chuig na gnóthais seo a leanas a dhírítear an Cinneadh seo:

| Uimhir | Tionscnóir Tionscadail | Seoladh an tionscnóra | Ainm an Tionscadail |
|---|---|---|---|
| 1 | Pobuzhzhya's Development LLC | Sráid Panasa Myrnoho, 6 (oifig 401), 01011 Cív, an Úcráin | Balakhivka Graphite Deposit |
| 2 | Société Le Nickel | Rue Desjardins Doniambo 2, BPE5 – 98848 Noumea Cedex, an Nua-Chaladóin | CaledoNi |
| 3 | GreenRoc Strategic Materials Plc | Gracechurch Street, 60 (6ú hurlár), EC3V 0HR Londain, an Ríocht Aontaithe | Norgraph a/s and Greenland Graphite a/s |
| 4 | Magneto Investments Limited Partnership | Adelaide Street West, 22, ON, M5H 4E3 Toronto, Ceanada | Integrated Dumont Nickel Project |
| 5 | Rio Tinto (Eintiteas áitiúil: Rio Sava Exploration doo) | St. James's Square 6, SW1Y4LD Londain, an Ríocht Aontaithe | Jadar |
| 6 | Kobaloni Energy Zambia Limited | Great East Road 87a, 10101 Lusaka, an tSaimbia | Kobaloni Energy Zambia Ltd |
| 7 | EVION GROUP NL | ORD St. 28 (svuít 3), WA 6005 West Perth, an Astráil | Maniry Graphite Mine Project |

| Uimhir | Tionscnóir Tionscadail | Seoladh an tionscnóra | Ainm an Tionscadail |
|---|---|---|---|
| 8 | Nussir ASA | Sjøgata 9, 9600 Hammerfest, an Iorua | Nussir |
| 9 | Jervois Brasil Metalurgia Ltda. | Avenida Doutor José Arthur Nova 1309, 08.090-000 São Miguel Paulista (São Paulo), an Bhrasaíl | São Miguel Paulista (SMP) Nickel and Cobalt Refinery Restart Project |
| 10 | Sarytogan Graphite Limited | Hay St. 8/110, WA 6008 Subiaco, an Astráil | Sarytogan Graphite Project |
| 11 | Mkango Resources Limited | Sráid Burrard 550, BC V6C 0A3 Vancouver, Ceanada | Songwe Hill Rare Earths |
| 12 | Tungsten West PLC | Hemerdon Mine (Drakelands), PL7 5BS, Devon, an Ríocht Aontaithe | Tungsten West |
| 13 | Frontier Rare Earths Limited | Rue Jean-Pierre Probst 4, L2352 Lucsamburg, Lucsamburg | Zandkopsdrift |

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Meitheamh 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Stéphane SÉJOURNÉ
*Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin*

*IARSCRÍBHINN*

**LIOSTA DE NA TIONSCADAIL STRAITÉISEACHA**

(1) Tionscadal eastósctha atá ar siúl san Úcráin is ea Balakhivka Graphite Deposit. An tionscadal, a chuireann Pobuzhzhya's Development LLC chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar graifíte (grád ceallra).

(2) Tionscadal próiseála atá ar siúl sa Nua-Chaladóin is ea CaledoNi. An tionscadal, a chuireann Société Le Nickel chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar nicile (grád ceallra).

(3) Tionscadal comhtháite eastósctha agus próiseála atá ar siúl san Iorua (Norgraph a/s) agus sa Ghraonlainn (Greenland Graphite a/s) is ea Norgraph a/s and Greenland Graphite a/s. An tionscadal, a chuireann GreenRoc Strategic Materials Plc chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar graifíte (grád ceallra).

(4) Tionscadal eastósctha atá ar siúl i gCeanada is ea Integrated Dumont Nickel Project. An tionscadal, a chuireann Magneto Investments Limited Partnership chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar nicile (grád ceallra) agus cóbailt.

(5) Tionscadal eastósctha atá ar siúl sa tSeirbia is ea Jadar. An tionscadal, a chuireann Rio Tinto chun cinn tríd an eintiteas áitiúil Rio Sava Exploration doo, is é is aidhm dó cur le soláthar litiam (grád ceallra) agus bóróin (grád miotalóireachta).

(6) Tionscadal próiseála atá ar siúl sa tSaimbia is ea Kobaloni Energy Zambia Ltd. An tionscadal, a chuireann Kobaloni Energy Zambia Limited chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar cóbailt.

(7) Tionscadal eastósctha atá ar siúl i Madagascar is ea Maniry Graphite Mine Project. An tionscadal, a chuireann Evion Group NL chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar graifíte (grád ceallra).

(8) Tionscadal eastósctha atá ar siúl san Iorua is ea Nussir. An tionscadal, a chuireann Nussir ASA chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar copair.

(9) Tionscadal eastósctha atá ar siúl sa Bhrasaíl is ea São Miguel Paulista (SMP) Nickel and Cobalt Refinery Restart Project. An tionscadal, a chuireann Jervois Brasil Metalurgia Ltda. chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar nicile (grád ceallra) agus cóbailt.

(10) Tionscadal eastósctha atá ar siúl sa Chasacstáin is ea Sarytogan Graphite Project. An tionscadal, a chuireann Sarytogan Graphite Limited chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar graifíte (grád ceallra).

(11) Tionscadal eastósctha atá ar siúl sa Mhaláiv is ea Songwe Hill Rare Earths. An tionscadal, a chuireann Mkango Resources Limited chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar dúl tearc-chré le haghaidh maighnéad.

(12) Tionscadal eastósctha atá ar siúl sa Ríocht Aontaithe is ea Tungstan West. An tionscadal, a chuireann Tungsten West PLC chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar tungstain.

(13) Tionscadal eastósctha atá ar siúl san Afraic Theas is ea Zandkopsdrift. An tionscadal, a chuireann Frontier Rare Earths Limited chun cinn, is é is aidhm dó cur le soláthar dúl tearc-chré le haghaidh maighnéad agus mangainéise (grád ceallra).